## An Fheasacht Fhóinéimeach

### Torthaí Foghlama


Forbraíonn páistí coincheapa, meonta agus scileanna maidir le:

**Teanga ó Bhéal:** Rannpháirtíocht, éisteacht agus aird

**Léitheoireacht:** Feasacht fhóineolaíoch agus fhóinéimeach


Tugtar an deis do pháistí príomhinniúlachtaí a fhorbairt, mar shampla:

- A bheith i do chumarsáidí agus teanga a úsáid
- A bheith i d'fhoghlaimeoir gníomhach
- A bheith matamaiticiúil




### Cad is feasacht fhóineolaíoch ann?

Is ionann an fheasacht fhóineolaíoch agus feasacht fhollasach ar fhuaimeanna na teanga. Is féidir feasacht fhóineolaíoch a chur ar chontanam forbartha, ag tosú le bunscileanna éisteachta, ansin ag forbairt an cumas súgradh le fuaimeanna agus iad a aithint agus a ionramháil m.sh., rím agus uaim, focail mar aonaid fuaime laistigh d'abairtí, siollaí, túsfhoghar agus foghar deiridh agus fóinéimí i bhfocail labhartha.




Dírítear ar an bhfeasacht **fhóinéimeach** san Ábhar Tacaíochta seo, os rud é gurb í an leibhéal is tábhachtaí í i gcomhthéacs shealbhú na litearthachta. Is ionann fóinéimí agus na fuaimeanna is lú sa teanga (mar shampla tá trí fhuaim san fhocal *bán* – b/á/n ).

### Cé na fuaimeanna ar gá béim a chur orthu?

- Fuaimeanna nach ann dóibh sa Bhéarla (m.sh., na fuaimeanna 'ch' sna focail *an chearnóg*, *an chailc*, nó an fhuaim 'r' san fhocal *fear* agus san fhocal *fir*).
- Áit a bhfuil fuaim amháin i mBéarla, ach dhá fhuaim éagsúla i nGaeilge (i.e. na consain chaola agus leathana – m.sh., **s**iúl, **s**úil; **d**eas, **d**uine, **t**each, **t**á, mo **ch**arr, mo **ch**earc.

### Forbairt na feasachta fóinéime

Tá dhá mhórscil éagsúla i gceist leis an bhfeasacht fhóinéimeach:

1. **Idirdhealú idir fuaimeanna éagsúla na teanga**
2. **Cumas súgradh le fuaimeanna**

Nuair a bhíonn an dá mhórscil seo á bhforbairt, is fiú tosú le **gníomhaíochtaí ó bhéal** ar dtús (i.e. ná bain úsáid as aon litreacha nó téacs). Ansin, nuair atá na páistí in ann idirdhealú a dhéanamh idir na fuaimeanna éagsúla, is féidir na litreacha a bhaineann leo a chur i láthair.

Tá sé tábhachtach an fheasacht fhóinéimeach a chleachtadh tríd gníomhaíochtaí atá **spraíúil**, **tarraingteach**, **agus i gcomhthéacs**. Bain úsáid as focail i scéalta atá á léamh ag an rang chun béim a choinneáil ar an mbrí nuair is féidir. Cuirtear síos ar ghníomhaíochtaí samplacha thíos atá feiliúnach don rang iomlán agus d'obair ghrúpa. Is acmhainní maithe iad cluichí Cód na Gaeilge dóibh siúd a bhfuil tuilleadh cleachtaidh aonair ag teastáil uathu anuas ar an obair ranga. Tá tuilleadh moltaí chun cur leis an bhfeasacht fhóinéimeach sa leabhar *Léitheoirí Líofa* ar fáil anseo.

# An Fheasacht Fhóinéimeach

## 1. Idirdhealú idir fuaimeanna éagsúla na teanga

Is éard atá i gceist le cumas idirdhealú idir fuaimeanna éagsúla na teanga ná tuiscint a bheith ag duine nach ionann na fuaimeanna a bhaineann le *e* agus *é*, nó *c* agus *ch*.

Ní bhíonn aistriú iomlán ann idir Gaeilge agus Béarla sa mhórscil seo, os rud é nach ionann an córas fuaimeanna sa dá theanga. Fágann sé sin gur gá an scil seo a mhúineadh sa dá theanga.

Cuir béim ar na **túsfhuaimeanna simplí** ar dtús (m.sh., **c**at). Ansin, de réir mar a thagann feabhas ar scil an pháiste, is féidir béim a chur ar **fuaimeanna deiridh na bhfocal** (m.sh., ca**t**) agus **fuaimeanna meánacha** (m.sh., c**a**t) agus ar thúsfhuaimeanna atá i gcomhthéacs **cnuasaigh chonsain** (m.sh., **cr**ann).

| | |
|---|---|
| **Ceisteanna samplacha** | 'Céard é an chéad fhuaim san fhocal *bus*?'<br>'An dtosaíonn *fuinneog* agus *cóta* leis an bhfuaim chéanna?'<br>'Cén fhuaim a chloiseann tú i lár an fhocail *lón*?' |

### Gníomhaíochtaí samplacha

**Feicim rud:** Imir an cluiche 'Feicim rud le mo shúilín bheag agus tosaíonn sé le ….' Bain úsáid as an bhfuaim leis na páistí, seachas ainm na litreach. Is féidir é seo a imirt le fuaimeanna deiridh chomh maith.

**Sórtáil fuaime:** Aimsigh nithe timpeall an tseomra ranga nó íomhánna agus iarr ar na páistí iad a shórtáil de réir fuaime (m. sh., cóta, criáin, carr, corcra srl.).

**Aimsigh an fhuaim:** Iarr ar na páistí cén fhuaim atá mar an gcéanna i ngrúpa focail.

**Túsfhuaim:** lón, las, lá
**Fuaim dheiridh:** rós, las, spás
**Fuaim mheánach:** lán, mám, rás

**Aimsigh an ceann corr:** Iarr ar na páistí céard é an ceann corr i ngrúpa focail.


**Túsfhuaim:** bus, bád, madra, bolg
**Fuaim dheiridh:** bó, dó, do, mó
**Fuaim mheánach:** rís, fís, dís, cas

**Freagairt ghníomhach:** Nuair a bhíonn téacs á léamh ag an múinteoir, spreag na páistí gníomhaíocht a dhéanamh, m.sh., seasamh suas nó lámha a chur ar a gceann, nuair a chloiseann siad focail a thosaíonn nó a chríochnaíonn le fuaim ar leith.

**Tóraíocht fuaime:** Iarr ar na páistí nithe a chuardach a thosaíonn nó a chríochnaíonn le fuaim ar leith. Is féidir é seo a imirt taobh istigh nó taobh amuigh.

**Cluichí le cártaí:** Aimsigh 20 pictiúr – 10 gcinn a thosaíonn leis an litir chéanna, 10 gcinn a thosaíonn le litreacha eile. Imríonn na páistí cluiche SNAP leo agus deir siad SNAP má chasann siad 2 chárta a bhfuil an túsfhuaim chéanna acu.

**Dúradáin:** Cruthaigh sraith cártaí dúradáin a bhfuil dhá íomhá ar gach ceann. Ba cheart go mbeadh TÚS luaite ar thaobh amháin de chárta amháin. Tosaíonn an chéad duine, cuireann siad an cárta a bhfuil TÚS air síos ar an mbord agus ainmníonn sé/sí an íomhá ar an taobh eile den chárta, agus glaonn sé/sí amach céad fhuaim an fhocail. Ansin, bíonn ar an gcéad duine eile íomhá a thosaíonn leis an bhfuaim chéanna a aimsiú, agus an cárta sin a chur taobh leis an gcéad chárta ar an mbord.



## An Fheasacht Fhóinéimeach

Is féidir na gníomhaíochtaí thíos a imirt chun cur le cumas na bpáistí idirdhealú a dhéanamh idir **íosphéirí**, sin focail nach mbíonn ach difríocht amháin eatarthu ó thaobh na fuaime de.

**Cén focal atá á rá agam?** Taispeáin dhá íomhá d'íosphéirí don rang, m.sh., *lón* agus *leon*.

Glaonn an múinteoir amach focal agus bíonn ar na páistí an cárta leis an íomhá ceart a roghnú. Tá liostaí d'íosphéirí ar fáil ar lch. 98 agus lch. 105 den leabhar Tuiscint ar Litriú na Gaeilge (Stenson & Hickey, 2019) atá ar fáil anseo.



**Lacha, lacha, gé:** Is féidir cluiche mar seo a imirt chun cur le cumas na bpáistí idirdhealú a dhéanamh idir íosphéirí (focail nach mbíonn ach difríocht amháin eatarthu ó thaobh na fuaime de).

- Múin na híosphéirí a bheidh mar chuid den chluiche do na páistí, m.sh. cas, cás, cluas, chluas).
- Suíonn na páistí i gciorcal.
- Siúlann, léimeann nó ritheann páiste timpeall an chiorcail ag rá focal amháin den íosphéire (m.sh., cas) le roinnt páistí agus an focal eile (m.sh., cás) le páiste amháin.
- Caithfidh an duine sin a rá cén difir atá idir na focail (/a/-/á/ sa chás seo) agus éirí ansin leis an rud céanna a dhéanamh le péire eile.

## 2. Cumas súgradh le fuaimeanna

Is éard atá i gceist leis an gcumas súgradh le fuaimeanna ná a bheith in ann fuaimeanna a láimhseáil, mar shampla:

- fuaimeanna a chumasc
- fuaimeanna a dheighilt
- fuaimeanna a ionramháil

Bíonn aistriú scileanna ann idir Gaeilge agus Béarla anseo, fágann sin go dtéann obair a dhéantar i dteanga amháin chun tairbhe na teanga eile.

## Fuaimeanna a chumasc:

Cabhraíonn sé le páistí agus iad ag tabhairt faoin léitheoireacht go mbeidh siad in ann fuaimeanna a chumasc, nó a chur le chéile, le focal a dhéanamh.

| | |
|---|---|
| **Ceist shamplach** | 'Éist leis na fuaimeanna seo: m/u/c*. Anois cuir le chéile iad, cén focal atá agat?'<br>(*nóta: abair an fhuaim in áit ainm na litreach) |

### Gníomhaíochtaí samplacha

**Feicim rud:** Imir an cluiche 'Feicim rud le mo shúilín bheag agus seo iad na fuaimeanna atá aige: l/ó/n'. Bíonn ar na páistí na fuaimeanna a chur le chéile chun an focal a aimsiú.

**Aimsigh duine/rud leis na fuaimeanna seo:** Deir an múinteoir focal leis na fuaimeanna deighilte ó chéile agus bíonn ar na páistí é a aimsiú. Is féidir é seo a imirt sa rang nó taobh amuigh, m.sh., 'Aimsigh c/r/a/nn'.

**Biongó:** Is féidir cártaí le híomhánna simplí a thabhairt do na páistí agus in áit an focal ar fad a thabhairt do na páistí, abair na fuaimeanna (m.sh., m/u/c) agus beidh ar na páistí iad a chumasc chun an focal a aimsiú.

Leis an leibhéal deacrachta a ardú, is féidir úsáid a bhaint as cnuaschonsain ar nós bróg nó cluas chomh maith le híosphéirí ar nós lón agus lon sna gníomhaíochtaí samplacha thuas.

## An Fheasacht Fhóinéimeach

### Fuaimeanna a dheighilt:

Tá sé tábhachtach go mbeidh na páistí in ann fuaimeanna a dheighilt ó chéile don litriú.

| | |
|---|---|
| **Ceist shamplach** | 'Éist leis an bhfocal seo: *lón* (abair an focal go mall) cé na fuaimeanna a chloiseann tú?' |

#### Gníomhaíochtaí samplacha

**Tarraing amach na fuaimeanna:** Is fiú focail a rá go mall le go mbeidh deis ag na páistí na fuaimeanna aonair a cloisteáil. Is féidir gníomhaíocht a chur leis ar nós do dhá lámh a scaradh óna chéile agus tú ag rá na bhfocal go mall.

**Comhair na fuaimeanna:** Cé mhéid fuaim atá san fhocal muc? Is féidir leis na páistí líon na bhfuaimeanna a léiriú lena mhéara nó le ciúbaí, licíní srl.

**Sórtáil de réir líon an bhfuaimeanna:** Is féidir íomhánna a thabhairt do na páistí agus bíonn orthu focal a bhfuil an líon chéanna fuaimeanna iontu a shórtáil.

### Fuaimeanna a ionramháil:

Tá sé tábhachtach chomh maith don léitheoireacht agus don litriú amach anseo go mbíonn na páistí in ann fuaimeanna a ionramháil, is é sin fuaimeanna a scriosadh ón bhfocal agus fuaim nua a chur isteach chun focal nua a dhéanamh.

| | |
|---|---|
| **Nod samplach chun fuaim a scriosadh** | "Abair an focal *bád*. Anois abair an focal *bád* gan an **b***." |
| **Nod samplach chun fuaim nua a chur isteach chun focal nua a dhéanamh** | "Abair 'lón'. Abair arís é ach in áit 'l' abair 'f*'." |

(*nóta: abair an fhuaim in áit ainm na litreach)

#### Gníomhaíochtaí samplacha

**Bleachtaire focal:** Abair focal leis na gasúir agus mínigh do na páistí go bhfuil focal beag i bhfolach ann agus an féidir leo é a chloisteáil.

**Túsfhuaim:** Abair an focal dubh. Anois, smaoinigh ar an bhfocal dubh gan an /d/ – cén focal beag atá fágtha? (freagra: ubh)

(*Samplaí eile ná: trí/rí, tóg/óg, slán/lán, Pól/ól, fón/ón, mí/í, sé/é, cas/as, crann/rann), brón/rón*)

**Fuaim dheiridh:** Abair an focal lán. Anois, smaoinigh ar an bhfocal lán gan an /n/ – cén focal beag atá fágtha? (freagra: lá)

(*Samplaí eile ná: cás/cá, rís/rí, teacht/teach, tús/ tú, fial/fia, grád/grá, rón/ró, long/lon*)

**Tomhais cé mé?:** Is féidir úsáid a bhaint as carachtair/daoine atá ar eolas ag na páistí agus iad a ainmniú ag fágáil na chéad fuaime ar lár, m.sh., _umptaí, _umptaí. Caithfidh na páistí an carachtar a thomhais agus an fhuaim a bhí fágtha ar lár a ainmniú chomh maith. (freagra: Humptaí Dumptaí).

**Babhtáil na bhfuaimeanna:** Deir an múinteoir frásaí atá ar eolas ag na páistí ach go mbíonn babhtáil déanta ar na fuaimeanna; m.sh., lat agus cuch. Bíonn ar na páistí an frása a thomhais. (freagra: cat agus luch)

### Measúnú a dhéanamh ar an bhfeasacht fhóinéimeach

Is féidir úsáid a bhaint as na gníomhaíochtaí thuas le measúnú a dhéanamh ar dhul chun cinn an ranga. Má léiríonn measúnú ranga go bhfuil deacrachtaí ag páistí ar leith le tascanna fóinéimeacha, is féidir tuilleadh fianaise a fháil ar a gcuid scileanna trí mheasúnú aonair a dhéanamh agus an tacaíocht chuí a thabhairt dóibh.

# An Fheasacht Fhóinéimeach

## Earráidí a aithint i litriú na bpáistí

Tugann earráidí litrithe leid dúinn maidir leis an scil a bhfuil deacracht ag páistí léi. Mar shampla, gach seans go mbeadh **tuilleadh tacaíochta fóinéimeacha** ag teastáil ó pháistí a dhéanann earráidí áirithe m.sh., nuair nach léiriú maith iad na litreacha ar fhuaimeanna an fhocail (m.sh., *dirl* in áit *dubh*) nó nuair a fhágtar consan ar lár ó chnuasach consain (m.sh., *bón* in áit *brón*).

Ní hionann na hearráidí sin agus **earráidí ortagrafacha**, nuair is léiriú maith iad na litreacha ar na fuaimeanna san fhocal, cé nach é an litriú cruinn é (m.sh., *dumh* in áit *dubh*). Is earráidí ortagrafacha iad chomh maith earráidí ina mbíonn rialacha litrithe an Bhéarla agus na Gaeilge measctha (m.sh., *duv* in áit *dubh*; shí in áit sí): baineann na hearráidí sin leis an dá shraith rialacha litrithe a mheascadh, seachas le scileanna fóinéimeacha. Tá tuilleadh eolais ar fáil san Ábhar Tacaíochta ar Fhónaic anseo.

## An ceangal idir feasacht fhóinéimeach agus fónaic

Nuair atá na páistí in ann idirdhealú a dhéanamh idir na fuaimeanna éagsúla, is féidir na litreacha a bhaineann leo a chur i láthair. Ar an gcaoi seo, tacófar leis na páistí an ceangal a dhéanamh idir litreacha (graiféimí) agus fuaimeanna.



Cé mhéad fuaim atá san fhocal 'cat'?

Cuir licín ar an mbord do gach fuaim.




Céard iad na fuaimeanna a chloiseann tú san fhocal 'cat'?

Aimsigh na cártaí fuaime agus cuir san ord ceart iad.




Céard iad na fuaimeanna a chloiseann tú san fhocal 'cat'?

Scríobh faoin bpictiúr iad.

## Tagairtí agus tuilleadh tacaíochta

Breacadh (2017) 42 Príomhfhuaim Chonamara. YouTube. https://www.youtube.com/watch?v=gDfFn1UMXB8

Breacadh (2020). 41 Príomhfhuaim na Gaeilge – Canúint Uladh. YouTube. https://www.youtube.com/watch?v=0FmOP2myxd0

Breacadh (2020). 41 Phríomhfhuaim na Gaelainne – Canúint na Mumhann https://www.youtube.com/watch?v=115bDZFJ6pA

Dunne, C. M. (2025). Léitheoirí líofa. Scil agus toil léitheoireachta. An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta / Instiitiúid Oideachais Marino.

Ehri, L. C., Nunes, S. R., Willows, D. M., Schuster, B. V., Yaghoub-Zadeh, Z., & Shanahan, T. (2001). Phonemic awareness instruction helps children learn to read: Evidence from the National Reading Panel's meta-analysis. Reading research quarterly, 36(3), 250-287.

Stenson, N., & Hickey, T. (2019). Tuiscint ar Litriú na Gaeilge: Lámhleabhar do Mhúinteoirí agus d'Fhoghlaimeoirí. An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta. https://www.cogg.ie/wp-content/uploads/Tuiscint-ar-Litri%C3%BA-na-Gaeilge-1.pdf.



Arna fhorbairt i gcomhar leis An Dr Emily Barnes, Coláiste na Tríonóide